

RABHADH

Freagair gach ceist sna spás atá ann dó ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduithe anseo.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

STADÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 – 3.30

Treoracha d'Iarrthóirí:

Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh

- Maidir le Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B)
nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 *ar na leathanaigh 14, 15 agus 16*
Freagair na codanna (A) agus (B)
- Maidir le Ceist 5 *ar na leathanaigh 17 agus 18*
Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil agus
an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna
GO LÉIR.

Don Scrúdaitheoir amháin:

<i>Ceist</i>	MARC
1	
2	
3	
4	
5	
IOMLÁN	
GRÁD	

CEIST 1

24 marc

Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)

(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA

(12 mharc)

Freagair 12 cheann de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.

Sampla: Bhaintí úsáid as bró:

- | | | | |
|----------------|--------------------------|------------------------|-------------------------------------|
| (a) sa níochán | <input type="checkbox"/> | (b) sa mhuilleoireacht | <input checked="" type="checkbox"/> |
| (c) sa sníomh | <input type="checkbox"/> | (d) san fhíodóireacht | <input type="checkbox"/> (1) |

1. Is éard atá sa tseandálaíocht ná staidéar:

- | | | | |
|-------------------------------------|--------------------------|-----------------------|------------------------------|
| (a) ar fhótagraif | <input type="checkbox"/> | (b) ar léarscáileanna | <input type="checkbox"/> |
| (c) ar dhéantáin agus ar fhothraigh | <input type="checkbox"/> | (d) ar nuachtáin | <input type="checkbox"/> (1) |

2. Ba iad a bhunaigh na chéad bhailte in Éirinn:

- | | | | |
|---------------------|--------------------------|--------------------|------------------------------|
| (a) na Sasanaigh | <input type="checkbox"/> | (b) na manaigh | <input type="checkbox"/> |
| (c) na Lochlannaigh | <input type="checkbox"/> | (d) na Normannaigh | <input type="checkbox"/> (1) |

3. Cé acu ceann díobh seo a leanas ar acmhainn neamh-inathnuaite í?

- | | | | |
|-----------|--------------------------|------------------------|------------------------------|
| (a) uisce | <input type="checkbox"/> | (b) gual | <input type="checkbox"/> |
| (c) gaoth | <input type="checkbox"/> | (d) cumhacht na gréine | <input type="checkbox"/> (1) |

4. Is éard a thugtar ar ghluaiseacht daoine ó thír amháin go tír eile ná:

- | | | | |
|----------------|--------------------------|------------|------------------------------|
| (a) lonnaíocht | <input type="checkbox"/> | (b) dílárú | <input type="checkbox"/> |
| (c) imirce | <input type="checkbox"/> | (d) lárú | <input type="checkbox"/> (1) |

5. In aimsir na gCeilteach, ba éard a bhí i gcrannóg ná:

- | | | | |
|--------------------------|--------------------------|-------------------|------------------------------|
| (a) áit chónaithe i loch | <input type="checkbox"/> | (b) muince óir | <input type="checkbox"/> |
| (c) dún ar chnoc | <input type="checkbox"/> | (d) áit adhlactha | <input type="checkbox"/> (1) |

6. Stáisiúin bus, críochfoirt farantóireachta, aerfoirt, stáisiúin traenach, is ionaid iad:

- | | | | |
|---------------------------|--------------------------|-------------------|------------------------------|
| (a) don caitheamh aimsire | <input type="checkbox"/> | (b) don oideachas | <input type="checkbox"/> |
| (c) don airgeadas | <input type="checkbox"/> | (d) don iompar | <input type="checkbox"/> (1) |

7. Is é a d'fhéadfadh bheith ina chúis le teocht an domhain a bheith ag ardú ná:

- (a) an iarmhairt cheaptha teasa (b) an ró-iascaireacht
(c) dídeanaithe (d) méid na bhfeirmeacha (1)

8. Cén aois inar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch i Sasana?

- (a) 1600í (b) 1700í
(c) 1800í (d) 1900í (1)

9. Cén tír díobh seo **NACH** raibh baint aici leis an gCéad Chogadh Domhanda ná leis an Dara Cogadh Domhanda?

- (a) an tSualainn (b) SAM
(c) an Bhreatain (d) an Ghearmáin (1)

10. Is éard a thugtar ar theach den chineál seo ná:



- (a) teach sraithe (b) teach scoite
(c) teach leathscoite (d) bungaló (1)

11. Is é a thomhaistear le scála Richter ná:

- (a) creathanna talún (b) an bháisteach
(c) an teocht (d) bolcáin (1)

12. Ba é a bhí i ngild sna meánaoiseanna ná:


- (a) galar (b) grúpa ceardaithe
(c) cineál geata (d) bronntanas bainise (1)

13. Is áit í cartlann:

- (a) ina gcoinnítear seandoiciméid (b) ina gcuirtear dath ar fhótagraif
(c) ina ndeisítear uirlisí ceoil (d) ina ndéantar mionsamhlacha (1)

14. Is é a thugtar ar fhorbairt bailte agus cathracha ná:

- (a) méadrú (b) nuachóiriú
(c) frasaíocht (d) uirbiú (1)



1. Féach ar an bpictiúr thuas.

Ainmnigh **DHÁ** ghné chosanta den mhainistir.

(2)

2.

a. Cad a tharla i dteach screaptra (scriptorium)?

(2)

b. Cad a tharla in otharlann?

3. Uaireanta thóg daoine nár mhanaigh iad a dtithe gar don mhainistir.

Luaigh **DHÁ** chúis a ndearna siad é sin dar leat.

(2)

CEIST 2

24 marc

Freagair cuid (A) nó cuid (B)

(A) AN PHLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17^ú hAOIS


(24 marc)

Féach ar na pictiúir seo agus léigh a bhfuil sna boscaí agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:



Is mionsamhail é seo de theach agus bábhún i sráidbhaile darb ainm Baile Eachaidh.

Is léarscáil é seo de shráidbhaile plandála i mBaile Eachaidh agus mionsamhail den chaoi a mbíodh sé.



I 1619, chuaigh fear darb ainm an Captaen Nicholas Pynnar ar fud Chúige Uladh, agus é ag déanamh scrúdú ar dhul chun cinn na Plandála. Ina thuairisc ar shráidbhaile Bhaile Eachaidh – ar ar thug sé Vintners Hall – scríobh sé:

“Is le Baptist Jones Uas. é seo agus thóg sé bábhún de bhrící agus d’aol, 100 troigh cearnach ann, agus dhá chloigtheach ... ar mó é ná a bhfuil déanta ag duine ar bith eile de na lonnaitheoirí. Laistigh den bhábhún tá dhá theach mhaithe, agus iad os comhair a chéile; tá ceann amháin 70 troigh ar fad agus 25 troigh ar leithead; níl an ceann eile níos lú. In aice leis an mbábhún tá 10 gcinn de thithe maithe Sasanacha tógtha aige, atá anláidir agus clúdach tileanna orthu; tá an tsráid an-leathan, agus tá an bábhún suite os a cionn. Tá teaghlaigh Shasanacha ina gcónaí sna tithe go léir, agus cónaíonn Baptist Jones agus a bhean agus a chlann ansin freisin.”

1. I bPlandáil Uladh, cad ba bhábhún ann?

_____ (3)

2. Cad as ar tháinig lonnaitheoirí Bhaile Eachaidh? _____ (3)

3. Cé a thóg an bábhún i mBaile Eachaidh? _____ (4)

4. Tabhair **DHÁ** chúis a ndearnadh Plandáil i gCúige Uladh.

_____ (6)

5. Scríobh ar na hathruithe a rinne an Phlandáil maidir le ceann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Ghaeilge

(b) Creideamh in Éirinn

(c) Muintir dhúchasach na hÉireann

(d) Bailte in Éirinn

Scríobh ar conas bhí cúrsaí **roimh** an bPlandáil, cad a tharla **le linn** na Plandála agus ar na torthaí **i ndiaidh** na Plandála.

_____ (8)

Léigh na sléachta thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

Is í Sao Paulo an chathair is mó sa Bhrasaíl. Tá daonra de thart ar 25 milliún duine inti. Tá roinnt cúiseanna leis an bhfás a tháinig faoi dhaonra Sao Paulo. Tá an imirce ón tuath go dtí an chathair ar cheann de na cúiseanna sin. Chuaigh na milliúin duine ó cheantair thuaithe na Brasaíle go Sao Paulo. An imirce is cúis le 65% den fhás uirbeach. Tosca éagsúla brú agus tarraingthe is cúis leis an imirce.

I ngeall ar fhás tapa an daonra in Sao Paulo tá ganntanas mór tithe sa chathair. Bhí ar na milliúin duine a dtithe a dhéanamh as dramhábhair mar adhmaid, iarann rocach agus miotail. Tugtar favelas ar na ceantair sin sa Bhrasaíl. Níl gach duine atá ina chónaí i Sao Paulo bocht. Cónaíonn a lán daoine saibhre gar do lár na cathrach i dtithe atá an-deas.

Tháinig daoine go dtí na cathracha sa Bhrasaíl ar thóir oibre. Ar feadh tamaill bhí a lán oibre ann ar phá íseal. Ach anois tá níos mó daoine ná jabanna ann agus mar sin tá an dífhostaíocht ag dul i méid. Tá daoine ag tosú ar na cathracha a fhágáil chun bogadh go dtí áiteanna ina bhfuil jabanna le fáil.

1. Cad é daonra Sao Paulo? _____ (1)

2. Cad is ‘imirce ón tuath go dtí an chathair’ ann?

_____ (2)

3. Tabhair sampla de thosca ‘tarraingthe’.

_____ (2)

4. Cad is *favela* ann? _____

_____ (2)

5. Cén fáth a bhfuil daoine bochta ag fágáil cathracha ar nós Sao Paulo anois? _____

_____ (2)

6. Ainmnigh **DHÁ** fhadhb a bhíonn ag daoine atá ina gcónaí sa favela. _____

_____ (3)



Tá roinnt rudaí déanta ag na húdaráis in Sao Paulo chun na fadhbanna sna favelas a laghdú. Tá scéimeanna féinchabhrach curtha ar bun acu.

Is é sin go dtugann an rialtas uirlisí agus ábhair do na daoine a chónaíonn sna favelas a dteastaíonn uathu tithe buana a thógáil dóibh féin. Tá brící agus suimint (stroighin) san áireamh. Déanann na daoine áitiúla a gcuid oibre saor in aisce.

Is féidir an t-airgead a shábháiltear a chaitheamh ar áiseanna bunúsacha a chur ar fáil, rudaí mar leictreachas agus uisce.

7. An dóigh leat go gcónaíonn an buachaill sa phictiúr in áit fholláin? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

_____ (2)

8. An dóigh leat gur bealach maith é scéim 'fhéinchabhrach' chun cabhrú le daoine sna favelas? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

_____ (2)

9. An maireann aon duine in Éirinn gan leictreachas nó uisce reatha? Mínigh do fhreagra.

_____ (2)

10. Scríobh faoi na fadhbanna a bheadh ag daoine agus iad ag maireachtáil gan leictreachas nó gan uisce reatha.

_____ (6)

CEIST 3

24 marc

Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)

(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH

(12 mharc)

Féach ar an bpictiúr agus léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos:



Lá amháin in 1888, chuir iriseoir darbh ainm Annie Besant agallamh ar chuid de na mná a bhí ag obair i monarcha cipíní solais Bryant and May. Fuair sí amach go raibh na mná ag obair 14 uair sa lá ar phá a bhí níos lú ná 5 scillinge in aghaidh na seachtaine. Ag an am, bhí 14 scillinge á íoc in aghaidh na seachtaine le duine a bhí ag obair ar fheirm.

Ní i gcónaí a fuair na déantóirí cipíní a bpá iomlán i ngeall ar chóras fineálacha, idir 3 pingine agus scilling. Ba ghnách fineáil a ghearradh orthu i ngeall ar bheith ag caint, ligean do chipíní titim nó dul go dtí an leithreas gan chead. Dá mbíodh oibrithe déanach ghearrtaí fineáil phá leathlae orthu.

An cineál fosfair a d'úsáid siad chun cipíní a dhéanamh, rinne sé an-díobháil do shláinte na mban. Mharaigh nimh ón gceimiceán na mná.

1. Cé mhéad uair sa lá a d'oibrigh a mná?

_____ (1)

2. Cérbh é an príomhcheimiceán a bhí in úsáid chun cipíní a dhéanamh?

_____ (1)

3. Ar íocadh na mná go maith as a gcuid oibre? Mínigh do fhreagra.

_____ (2)

4. In Éirinn an lae inniu, má bhíonn ar oibrí ceimiceán contúirteach a úsáid, cad iad na réamhchúraimí a dhéantar?

_____ (2)

Léigh an sliocht seo agus freagair na ceisteanna thíos:



Scríobh Annie Besant alt ina nuachtán faoina bhfaca sí sa mhonarcha. Rinne sí clamhsán (gearán) san-alt faoin tslí ar chaith Bryant & May leis na mná.

Rinne an comhlacht iarracht iallach a chur ar na hoibrithe ráiteas a shíniú go raibh siad sásta lena ndálaí oibre. Nuair a dhiúltaigh grúpa de na mná é a shíniú, briseadh eagraithe an ghrúpa as a bpost. Láithreach bonn chuaigh 1400 de na mná i monarcha cipíní Bryant & May ar stailc.

Tar éis trí seachtaine d'fhógair an comhlacht go raibh siad sásta a gcuid jabanna a thabhairt ar ais do na mná a briseadh agus deireadh a chur leis an gcóras fineálacha. Ghlac na mná leis na téarmaí agus chuaigh siad ar ais ag obair. Chuidigh conspóid Bryant & May le bunú comharchumann a spreagadh ar fud na tíre.

5. Nuair a chuir Annie a halt i gcló, cad a bhí an comhlacht ag iarraidh a chur d'iallach ar na mná a dhéanamh?

_____ (1)

6. Cé mhéad duine de na mná a chuaigh ar stailc?

_____ (1)

7. Cad is ceardchumann ann?

_____ (2)

8. Ainmnigh ceardchumann **AMHÁIN** in Éirinn an lae inniu.

_____ (2)

Rinne meaisínghunnaí slad uafásach ar an dá fhronta sa Chéad Chogadh Domhanda. Ba bheag seans a bhí ag na fir a chuaigh ‘de dhroim trinse’ nuair a thosaigh an namhaid ag scaoileadh leo lena meaisínghunnaí. Ba iad na meaisínghunnaí ba mhó a rinne an marú sa chogadh agus ba iad ba chúis leis na mílte bás. Bhí meaisínghunnaí in ann na mílte piléar a scaoileadh gach nóiméad. B’ollmhór é líon na dtaismeach.



Ba ar éigean imithe as na trinsí do a lán saighdiúirí nuair a maraíodh iad.

Shocraigh na Gearmánaigh a meaisínghunnaí beagán chun tosaigh ar a línte lena chinntiú gur tugadh radharc iomlán ar pháirc an chatha do chriúnna na meaisínghunnaí. Ag Cath na Somme, bhí siad chomh héifeachtach sin gur maraíodh na mílte saighdiúir Briotanach laistigh de chúpla nóiméad tar éis thús an chatha.

1. Cad is ciall le ‘de dhroim trinse’?

(2)

2. Cén fáth a raibh gá le beirt fhear chun na gunnaí a úsáid?

(2)

3. Conas a chinntigh na Gearmánaigh go raibh radharc maith ar pháirc an chatha ag a gcuid meaisínghunnadóirí?

(1)

4. Ainmnigh cath **AMHÁIN** sa Chéad Chogadh Domhanda inar úsáideadh meaisínghunnaí.

(1)

5. Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Saol sna Trinsí **NÓ** (b) Nimhghás sa Chéad Chogadh Domhanda

(6)

(C) AN DARA COGADH DOMHANDA

(12 mharc)



I dtús an Dara Cogadh Domhanda, bogadh a lán páistí a bhí ina gcónaí sna cathracha móra óna mbaile go dtí áiteanna a measadh a bheith níos sábháilte, amach faoin tuath de ghnáth.

Bhí lipéid ceangailte de na páistí mar a bheadh beartáin iontu. Ba mhinic eagla orthu faoi bheith scartha óna muintir.

Is mar seo a leanas a labhair páiste amháin (Daisy) faoi bheith aslonnaithe:

'... cuireadh inár línte muid agus tháinig daoine éagsúla a bhí sásta páistí aslonnaithe a thógáil, agus thogh siad muid má thaitin an chuma a bhí orainn leo ... ar nós mar a bheidís ag roghnú coileán madra as fuinneog siopa ... Lánúin a raibh cuma dheas orthu a roghnaigh mise agus deirfiúr níos sine liom, Doris, agus thug siad leo muid i gcarr, agus roghnaigh fear eaglaise áitiúil mo dheartháir. Agus muid ag imeacht linn sa charr, is cuimhin liom breathnú siar agus mo dheirfiúr Rose agus páiste eile a fheiceáil fágtha ansin ... agus bhí inní orm fúthu toisc nár léir go raibh aon duine ann ar mhaith leis iad a thabhairt abhaile ...'

1. Cén fáth ar bogadh na páistí go dtí an tuath i dtús an chogaidh?

_____ (2)

2. Cén fáth an dóigh leat a raibh lipéid ceangailte de na páistí?

_____ (2)

3. An dóigh leat gur thaitin sé le Daisy nuair a bhí daoine ag roghnú na bpáistí a thógfaidís? Tabhair cúis le do fhreagra.

_____ (2)

4. Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Campaí Géibhinn **NÓ** (b) An Cogadh sa Rúis

_____ (6)

CEIST 4

24 marc

Freagair cuid (A) agus cuid (B)

(A) AN DOMHAN FORBARTHA

(16 mharc)

Féach ar na pictiúir agus léigh an t-eolas sna boscaí, agus freagair gach ceist.



Tá Áine ina cónaí i gceantar **tuaithe** in Éirinn

Ó theach Áine tá sé

4 km go dtí meánscoil

2 km go dtí siopa

4 km go dtí stad bus

90 km go dtí ollscoil

23 km go dtí ionad siopadóireachta

23 km go dtí pictiúrlann

43 km go dtí ospidéal

84 km go dtí aerfort idirnáisiúnta

14 km go dtí lialann dochtúra

26 km go dtí ionad spóirt le linn snámha



Tá Máire ina cónaí i **mbruachbhaile** i gcathair in Éirinn.

Ó theach Mháire, tá sé

1 km go dtí meánscoil

0.25 km go dtí siopa

0.15 km go dtí stad bus

6 km go dtí ollscoil

1.5 km go dtí ionad siopadóireachta

1.5 km go dtí pictiúrlann

3.5 km go dtí ospidéal

11 km go dtí aerfort idirnáisiúnta

1 km go dtí lialann dochtúra

2 km go dtí ionad spóirt le linn snámha

1. Tá Áine ina cónaí i gceantar **tuaithe**. Cad is ciall leis an bhfocal ‘tuath’?

(2)

2. Cad is **bruachbhaile** ann?

(2)

Anseo tá roinnt pictiúr as cur i láthair de chuid UNICEF. Féach orthu agus freagair na ceisteanna.

An Pheil ar fud an domhain.



A



B



C

1. Cén pictiúr/ cé na pictiúir a léiríonn páistí ag súgradh?

_____ (1)

2. Cad iad na fadhbanna sláinte is dóigh leat a bheadh ag an páiste i bpictiúr B?

_____ (1)

3. Cé acu páistí (sna pictiúir A, B nó C) a bhfuil an caighdeán beatha is measa acu dar leat?

_____ (1)

4. An dóigh leat go dtéann an páiste i bpictiúr B ar scoil go rialta? Tabhair cúis le do fhreagra.

_____ (1)

5. Luaigh **DHÁ** chúis a mbaineann comhlachtaí spóirt úsáid as páistí i dtíortha bochta mar oibrithe.

_____ (4)

CEIST 4

24 marc

Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.

Scrúdaigh an Léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil baile Chionn tSáile agus an ceantar ina thimpeall.

1. Luaigh ainm abhann **AMHÁIN** a thaispeántar ar an léarscáil.

_____ (2)

2. Ainmnigh an bóthar réigiúnach a théann idir Cionn tSáile (W637 505) agus Béal Guala (W666 538).

_____ (2)

3. Ainmnigh trá a thaispeántar ar an léarscáil seo.

_____ (2)

4. Níl ach dhá oifig phoist ar an léarscáil seo. Luaigh tionchar **AMHÁIN** a bheadh aige sin ar shaol na ndaoine sa cheantar seo.

_____ (2)

5. Bain úsáid as an léarscáil agus déan cur síos ar na gnéithe cosanta a bhí i gCionn tSáile san am atá caite.

_____ (3)

6. Ainmnigh an ghné ag W 665 535.

_____ (3)

Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an fótagraf cuid de bhaile Chionn tSáile.

7. Cén cineál báid is mó atá le feiceáil san fhótagraf?

_____ (2)

8. Agus úsáid á baint as an léarscáil agus as an bhfótagraf agat, liostaigh roinnt nithe spéisiúla a bheadh i gceantar Chionn tSáile do thurasóirí.

(4)

9. I lárchúlra an fhótagraif tá píosa beag talún agus a lán tithe air.

Luaigh **DHÁ** chúis a bhfuil tóir chomh mór sin ar an suíomh chun tithe a thógáil ann.

(4)

Leathanach Bán

Leathanach Bán